

Ionchúisitheoir Sinsearach Réigiún Chorcaí Comórtas 2026

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

Tá ríméad orainn ár n-Ionchúisitheoir Sinsearach nua – Comórtas Réigiún Chorcaí 2026 a sheoladh.

 Dáta Deiridh: Déardaoin, an 1 Deireadh Fómhair 2026  Am Dúnta: Meán Oíche

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

Léigh go cúramach le do thoil

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (ODPP) tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus spreagtar iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí agus taithí éagsúil acu. Tá faisnéis bhreise ar éagsúlachtaí sonracha sa chuid “Conas Iarratas a Dhéanamh”.

<https://www.dppireland.ie/ga/working-with-us>

Déanfar an comórtas seo a reáchtáil in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí de réir an Chóid Chleachtais um Cheapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

Foilsítear cóid chleachtais ag an CPSA agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

TEAGMHÁIL maidir le gach ábhar a bhaineann leis an bhfeachtas seo:

Recruitment@dppireland.ie

CLÁR ÁBHAIR

CLÁR ÁBHAIR	2
AN OIFIG.....	3
AN RÓL.....	4
CEANGLAIS — SAINEOLAS AGUS INNIÚLACHTAÍ.....	6
PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE - IONCHÚISITHEOIR SINSEARACH	7
AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN	13
CEARTA IARRTHÓIRÍ - NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE MAIDIR LEIS AN BPRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN	17
OIBLEAGÁIDÍ NA N-IARRTHÓIRÍ.....	18
NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ.....	19
AGUISÍN 1: INCHÁILITHEACTH CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACTH.....	20

Ionchúisitheoir Sinsearach in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (Réigiún Chorcaí)

Fógraítear go lúcháireach ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (ODPP) go bhfuil comórtas an Ionchúisitheora Shinsearaigh – Réigiún Chorcaí á sheoladh Is deis iontach í seo do dhlíodóirí a bhfuil taithí acu dul isteach i bhfoireann thiomanta laistigh d'Oifig Réigiúnach Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gCorcaigh.

Beidh ról tábhachtach ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi maidir le seirbhísí ionchúisimh ardchaighdeán a sholáthar agus tacú le riaradh cóir éifeachtach an cheartais i réigiún Chorcaí, agus ag an am céanna rannchuidiú le forbairt leanúnach láithreach réigiúnach Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Bunófar painéal ón gcomórtas seo, agus táthar ag súil go bhfanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh 18 mí. Is féidir an painéal seo a úsáid chun folúntais reatha agus fholúntais sa todhchaí ag an ngrád seo in Oifig Chorcaí na heagraíochta a líonadh, ar folúntais iad a thiocfaidh chun cinn le linn shaolré an phainéil.

Tabhair faoi deara: *I gcás poist inár nOifig i gCorcaigh, cé go mbeidh na ról lonnaithe i gCorcaigh, beidh ar aon duine a cheapfar i ról freastal ar Bhaile Átha Cliath le haghaidh bordála, ionduchtaithe agus aon oiliúint a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. D'fhéadfadh go mbeadh orthu freastal ar an Oifig i mBaile Átha Cliath freisin le haghaidh cruinnithe ó am go chéile le linn dóibh a bheith fostaithe.*

An Oifig

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Is é ár misean Seirbhís Ionchúisimh a chur ar fáil atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach. Tá an Stiúrthóir neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Cuireann an Stiúrthóir an dlí coiriúil i bhfeidhm sna cúirteanna thar ceann mhuintir na hÉireann; stiúránn agus maoirsíonn sé ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sé treoir agus comhairle ghinearálta don Gharda Síochána maidir le cásanna achomair, chomh maith le treoir shonrach i gcásanna den sórt sin nuair a iarrtar í.

Tá ceithre rannán ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

1. Ullmhaítear agus seoltar cásanna thar ceann an Stiúrthóra i Rannán na nAturnaetha sa Chúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath, sna Cúirteanna Coiriúla Cuarda ar fud na tíre, sa Chúirt Achomhairc, san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha Déantar an tSeirbhís Aturnae Stáit a mhaoirsiú agus tacaítear léi go náisiúnta laistigh den Rannán seo freisin Beidh an Oifig Réigiúnach Chorcaí nua lonnaithe laistigh den Rannóg sin.
2. Tá **Rannán na nAonad Stiúrtha & Speisialtóra** freagrach as na comhaid imscrúdaithe a scrúdú le cinneadh a dhéanamh chun ionchúiseamh a dhéanamh. Tá dhá Shainaonad laistigh den Rannán sin, an tAonad um Chionta Gnéasacha agus Tromcúiseacha agus an tAonad um Choireacht Airgeadais Speisialta, a bhfuil feidhm stiúrtha acu agus a dhéanann cásanna a ionchúiseamh sa chúirt.
3. Tacaítear le seirbhísí ionchúisimh choiriúil a sholáthar sa Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh trína bhfreagrachtaí maidir le comhar idirnáisiúnta, athbhreithnithe ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh,

caighdeán ionchúisimh, rannpháirtíocht beartais, taighde, bainistíocht eolais, oiliúint dlí agus cosaint sonraí

4. Tá an **Rannán Seirbhísí Corparáideacha** freagrach as seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar don Oifig i réimse acmhainní daonna, forbairt eagraíochtúil, straitéis, TFC, Airgeadas, cumarsáid, rialachas agus cóiríocht.

Déanann ball den Fhoireann Ardbhainistíochta maoirsiú ar gach Rannóg den Oifig. Déanann baill an Bhoird Bainistíochta na hAonaid agus na Rannóga i ngach Rannán a bhainistiú agus tá daoine le scileanna agus cúlraí éagsúla mar fhoireann acu

Bíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag brath freisin ar Aturnaetha Stáit i 30 láthair agus ar phainéil abhcóidí chun ionadaíocht a dhéanamh di i gcásanna a ionchúisítear ar díotáil sna cúirteanna níos airde. Déantar gach ábhar achomair a ionchúisíonn na Gardaí sa Chúirt Dúiche a ionchúiseamh in ainm an Stiúrthóra. Mar sin is comhpháirtithe tábhachtacha iad an tseirbhís aturnae Stáit, na hAbhcóidí agus An Garda Síochána i soláthar seirbhíse ionchúisimh.

Is fostóir ionchuimsitheach forásach é Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bhfuil meas aige ar sholúbthacht, folláine agus fás gairmiúil. Tacaímid lenár ndaoine trí raon roghanna oibre solúbtha a thacaíon le teaghlaigh, lena n-áirítear postroinnt, bliain oibre níos giorra, agus cianobair chumaisc. Mar eagraíocht foghlama, táimid tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach trí chúrsaí oiliúna inmheánacha, tacaíochtaí oideachais tríú leibhéal, agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh tras-rannacha agus seachtracha ceartais choiriúil.

Tá tuilleadh sonraí lena n-áirítear mionchur síos ar obair gach ceann de rannóga na hOifige, tá sin ar fáil ó [Ag Obair Linn](#) agus [Ár Misean agus Luachanna](#).

An Ról

Beidh ról lárnach ag an n-Ionchúisitheoir Sinsearach maidir le seirbhísí ionchúisimh ar ardchaighdeán a sholáthar ag Oifig Réigiúnach nua Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gCorcaigh. Táthar ag súil go ndéanfaidh Ionchúisitheoirí Sinsireacha eolas agus tuiscint mhionsonraithe ar an dlí coiriúil, ar phrionsabail ionchúisimh agus ar Threoirlínte na hOifige d'Ionchúisitheoirí a fhorbairt agus a chothabháil.

Déanfaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi cás-ualach pearsanta a bhainistiú, lena n-áirítear ábhair choiriúla chasta agus speisialaithe. Déanfaidh siad ionadaíocht thar ceann an Stiúrthóra os comhair na Cúirte Dúiche, na Cúirte Cuarda (lena n-áirítear achomhairc), agus na Príomh-Chúirte Coiriúla, agus in imeachtaí eile de réir mar a theastaíonn. Táthar ag súil go nglacfaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi páirt i soláthar seirbhíse ar ghlaoch chun cásanna iascaigh mhara a ionchúiseamh, rud a chuimseoidh a bheith ar fáil chun freastal ar Chúirteanna Dúiche lasmuigh d'uaireanta oifige nuair is gá. Feidhmeoidh Ionchúisitheoirí Sinsireacha ardleibhéal breithiúnais ghairmiúil agus neamhspleáchais i mbainistiú a gcás-ualach, agus ag an am céanna cinnteoidh siad go gcloífead le polasaithe, nósanna imeachta agus caighdeán ionchúisimh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Anuas ar a gcás-ualach féin a bhainistiú, cuireann Ionchúisitheoirí Sinsireacha le forbairt an chleachtais dhlíthiúil laistigh den Oifig trí mheantóireacht a dhéanamh ar chomhghleacaithe, saineolas a chomhroinnt, tacú le tionscnaimh bhainistíochta eolais agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta. Cuirfidh siad freisin le sainaithint saincheisteanna agus forbairtí dlíthiúla atá ag teacht chun cinn a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcleachtas ionchúisimh.

Oibríonn Ionchúisitheoirí Sinsireacha go dlúth le comhghleacaithe ar fud OSIP agus téann siad i dteagmháil le geallsealbhoirí an cheartais choiriúil, lena n-áirítear An Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, Aturnaetha Stáit agus abhcóidí, chun tacú le cur chun cinn éifeachtach na n-ionchúiseamh agus le soláthar seirbhíse poiblí ardchaighdeán.

Tuairiscíonn an post seo don Phríomh-Ionchúisitheoir Sinsearach agus ar deireadh don Phríomh-Aturnae Ionchúisimh.

Is iad seo a leanas na príomhfhreagrachtaí a bheidh ar an iarrthóir rathúil:

1. An Cleachtas Dlí agus Bainistíocht Cásanna

- Cás-ualach pearsanta d'ionchúisimh choiriúla a bhainistiú agus a stiúradh, lena n-áirítear ábhair chasta agus speisialaithe, de réir pholasaithe OSIP, caighdeán ionchúisimh agus oibleagáidí dlíthiúla.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra os comhair na Cúirte Dúiche, na Cúirte Cuarda agus na Príomh-Chúirte Coiriúla, agus achomhairc agus imeachtaí dlíthiúla eile a bhainistiú de réir mar a theastaíonn.
- Anailís agus comhairle dhlíthiúil ardchaighdeán a chur ar fáil maidir le saincheisteanna fianaise, straitéis ionchúisimh agus bainistíocht cásanna, chun tacú le cinnteoireacht ionchúisimh chomhsheasmhach ardchaighdeán.
- Breithiúnas gairmiúil agus neamhspleáchas a fheidhmiú i mbainistiú cásanna, agus ag an am céanna a chinntiú go gcloítear le ceanglais dhlíthiúla agus eagraíochtúla.
- Obair dhlíthiúil ardchaighdeán a sholáthar agus na caighdeán is airde maidir le cruinneas, eitic, ionracas agus gairmiúlacht a choinneáil ar bun ag an am céanna.
- Páirt a ghlacadh i soláthar seirbhísí ar ghlaoch chun cásanna iascaigh a ionchúiseamh.

2. Dearbhú Cáilíochta, Comhroinnt Eolais agus Forbairt Ghairmiúil

- Tacú le próisis dearbhaithe cáilíochta atá ceaptha chun comhsheasmhacht agus sármhaitheas a choinneáil ar bun i gcinnteoireacht ionchúisimh agus i mbainistíocht cásanna.
- Rannchuidiú le bainistíocht eolais dhlíthiúil, le tionscnaimh oiliúna agus le cur i bhfeidhm comhsheasmhach polasaithe ionchúisimh trí shaineolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt.
- Tacaímid lenár ndaoine trí raon roghanna oibre solúbtha a thacaíonn le teaghlaigh, lena n-áirítear postroinnt, bliain oibre níos giorra, agus cianobair chumaisc.
- Rannchuidiú le sainaithint agus breithniú saincheisteanna dlíthiúla trasghearrthacha, forbairtí reachtacha agus dúshláin ionchúisimh atá ag teacht chun cinn.
- Páirt a ghlacadh i meithleacha oibre dlíthiúla inmheánacha, i dtionscadail agus i dtionscnaimh de réir mar a theastaíonn.

3. Ranníocaíocht Eagraíochtúil & Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

- Rannchuidiú le baint amach chuspóirí Phlean Gnó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus na dtosaíochtaí eagraíochtúla.
- Caidreamh gairmiúil éifeachtach a chothú agus a choinneáil ar bun le geallsealbhóirí ar fud an chórais ceartais choiriúil.
- Páirt a ghlacadh i meithleacha oibre dlíthiúla seachtracha, i dtionscadail agus i dtionscnaimh idirghníomhaireachta de réir mar a theastaíonn.
- Cáilíocht sonraí agus úsáid éifeachtach córas bainistíochta cásanna a chinntiú chun tacú le cinnteoireacht fianaisebhunaithe agus le héifeachtacht oibríochtúil.
- Tacú le tionscnaimh feabhsaithe leanúnaigh atá ceaptha chun cáilíocht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht seirbhísí ionchúisimh a fheabhsú.
- Rannchuidiú le tionscadail, le tionscnaimh agus le gníomhaíochtaí feabhsaithe leanúnaigh chun cáilíocht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht seirbhísí ionchúisimh a fheabhsú.

Beidh teagmháil éigin ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi le comhaid ionchúisimh, a bhféadfadh ábhar de chineál anacair a bheith iontu.

Tabhair faoi deara le do thoil nach liosta uileghabhálach é an liosta freagrachtaí thuas.

Ós rud é gur féidir freagrachtaí Ionchúisitheora Shinsearaigh laistigh den Oifig a athshannadh, ní mór an cumas a bheith ag an duine a cheapfar ról agus freagrachtaí eile a chomhlíonadh atá oiriúnach do leibhéal an ghráid sin in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ceanglais — Saineolas agus Inniúlachtaí

Critéir Riachtanacha

- i) Cáilithe mar Aturnae sa Stát nó glaoite chun an Bharra le taithí 3 bliana ar a laghad ar chleachtadh sna nithe seo a leanas:
 - a. Dlí Coiriúil, Rialála nó Forfheidhmithe
 - b. Dlí Riaracháin, Bunreachtúil nó Eorpach
 - c. Dlíthíocht agus/nó dlíthíocht a bhaineann le comhlachtaí poiblí
 - d. Dlí Fostaíochta
- ii) Tuisint láidir ar an dlí coiriúil agus ar chóras ceartais choiriúil na hÉireann, lena n-áirítear prionsabail ionchúisimh intíre agus idirnáisiúnta, le hábharthacht ar leith do chleachtas na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche i gCorcaigh.
- iii) Cumas léirithe chun saincheisteanna dlí casta a anailísiú, breithiúnas fóna a fheidhmiú agus ualach oibre dúshlánach a bhainistiú go héifeachtach.
- iv) Taithí léirithe ar obair dhlíthiúil ardchaighdeán agus comhairle ghairmiúil a sholáthar i gcomhthéacs dlíthiúil casta.
- v) Cumas léirithe chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus caidrimh oibre tháirgiúla a chothú le geallsealbhóirí sa chóras ceartais choiriúil.

Ní mór d'iarrthóirí freisin na príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíochta éifeachtach ag an leibhéal sin (atá ar fáil in **Aguisín 2**) a léiriú.

Critéir Inmhianaithe

Ionchúisitheoir Sinsearach in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (Réigiún Chorcaí)

- i) Taithí ar ionchúisimh choiriúla chasta a láimhseáil, go háirithe iad siúd a bhaineann le suíonna na Cúirte Cuarda agus le hachomhairc na Cúirte Dúiche.
- ii) Taithí ar mheantóireacht, ar chóitseáil nó ar thacú le forbairt ghairmiúil comhghleacaithe dlí.
- iii) Taithí ar rannchuidiú le treoir dhlíthiúil, le forbairt polasaithe, le bainistíocht eolais nó le tionscnaimh foghlama eagraíochtúla.
- iv) Taithí ar rannchuidiú le tionscadail, le tionscnaimh feabhsaithe seirbhíse nó le cláir athraithe eagraíochtúla.
- v) Taithí i gceann amháin nó níos mó de na sainréimsí seo a leanas: an dlí coiriúil, an cleachtas ionchúisimh, an dlí poiblí, forfheidhmiú rialála nó dlíthíocht atá ábhartha don ról.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn iontráil ar an gcomórtas go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Mar sin, ba cheart d'iarrthóirí iad féin a shásamh go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse - Ionchúisitheoir Sinsearach

Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna [Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 2005](#), Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile a bheidh i bhfeidhm de chumhacht na huaire maidir leis an Státseirbhís.

Pá

Seo a leanas tuarastal an Ionchúisitheora Shinsearaigh:

Scála Pá RPP (Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta)¹ le héifeacht ón 1 Meitheamh 2026:

€91,229 – €94,699 – €98,178 – €101,658 – €105,132 – €107,164 – €110,611 (LSI1) – €114,069 (LSI2)

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana (LSI2) de sheirbhís shásúil ar ghrád uasta an scála.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist, más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí atá ag fónamh é an ceapaí, díreach roimh an gceapachán.

Faoi réir feidhmíocht shásúil d'fhéadfadh go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

¹ Tá feidhm ag an ráta RPP nuair a cheanglaítear ar an duine Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime ar shlí eile) de réir rialacha a phríomhscéime/scéime aoisliúntais phearsanta. Ní hionann é seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanaí nó Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC). Beidh ráta difriúil i bhfeidhm ar an té a cheapfar i gcás iad bheith ina státseirbhíseach nó ina seirbhíseach poiblí roimh 6 Aibreán 1995 agus **nach gceanglaítear orthu** Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Comhaontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó caiteachais de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a dhéantar do Bhaill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

Tréimhse Oifige agus Promhadh

Is é an ceapachán ón gcomórtas seo post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís. Mairfidh an conradh promhaidh don phost buan seo ar feadh tréimhse naoi mí ón dáta a shonraítear ar an gconradh.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh do fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do stiúrthóir(i) chun a chinntiú an bhfuil:

- i) Tú ag feidhmiú ar bhealach sásúil;
- ii) Tú sásúil san iompar ginearálta; agus
- iii) Tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreitheachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh déanfar cinneadh an gcoimeádfar nó nach gcoinneofar thú de bhun Alt 5A (2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar d'fheidhmíocht arna measúnú i gcoinne na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh ODPP sonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip duit de Threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an GTI.

D'ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfar an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha ag ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Sna cúinsí seo a leanas féadfar do chonradh a fhadú agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Tá an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála.
- Maidir le fostaí as láthair ar Shaoire Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a éileamh go gcuirfí promhadh ar fionraí mura meastar an neamhláithreacht a bheith comhsheasmhach le leanúint den phromhadh.
- Aon fhoráil reachtúil eile a fhorálann go ndéanfaidh promhadh -
 - (i) seasamh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair ón obair, agus
 - (ii) le comhlánú ag an bhfostaí ar fhilleadh na bhfostaithe ón obair tar éis na hasláithreachta sin.

Sa chás go gcuirtear promhadh ar fionraí ba chóir don fhostóir na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraí a chur in iúl don fhostaí.

Má theipeann ar cheapaí, a bhí ina státseirbhíseach ag fónamh díreach sular ceapadh ón gcomórtas seo é, na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh, is iondúil go n-eascróidh ceist an fhille ar an iarghrád. I gcás frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas san iarghrád a bhí acu ina iar-Roinn.

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015 maidir le fhoirceannadh na fostaíochta mar gheall ar dhul in éag an chonartha téarma shocraithe amháin gan é a athnuachan.

Dualgais

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais a oireann don phost a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh an t-oifigeach gabháil do chleachtadh príobháideach ná baint a bheith aige/aici le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil nó a bheadh contrártha ar bhealach ar bith leis an bpost ina bhfuil an t-iarrthóir ceaptha.

Suíomh

Beidh an Oifig Réigiúnach lonnaithe i gCorcaigh. Mar gheall ar chineál oibre Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí beidh ócáidí ann ina gcaithfidh ár bhfostaithe freastal ar ghnó oifigiúil in áiteanna lasmuigh de Chorcaigh, m.sh. cruinnithe agus/nó oiliúint. Nuair a bheidh tú as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil chuí agus liúntais chothaithe de réir rialacháin na státseirbhíse.

Uaireanta freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine nó 35 uair glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi cibé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Leis an ráta luacha saothair atá iníoctha clúdaítear aon dliteanas um fhreastal breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Saoire Bhliantúil

Is ionann é an liúntas saoire bliantúla agus 30 lá oibre. Tá an liúntas seo, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, ar bhonn seachtaine cúig lá agus ní áirítear na gnáthlaethanta saoire poiblí leis.

Saoire Bhreoteachta

Beidh pá le linn asláithreacht bhreoteachta deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm ar bhonn pro rata, de réir na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breoteachta) (IR 124 de 2014), na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breoteachta) (Leasú) 2015 (IR 384 de 2015) agus aon ciorclán ábhartha

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Beidh íocaíocht le linn breoteachta faoi réir ag an oifigeach na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialta a dhéanamh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha

Aoisliúntas agus Dul ar Scor

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí don iarrthóir rathúil mar a bhí i réim sa Státseirbhís tráth a dtairgfear ceapachán dó/di. Go hiondúil, déanfar ceapachán a thairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ag www.singlepensionscheme.gov.ie/ga/

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (neamh-Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtainí roimh an gceapachán nó atá ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá d'fhéadfadh

téarmaí éagsúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht pinsin na ndaoine a cheapfar i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- i) Aois scoir: Is é 66 bliain d'aois an aois íosta faoi láthair ina bhfuil pinsean iníoctha mar atá an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit.
- ii) Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí scéime éirí as nuair a shroicheann siad 70 bliain d'aois.
- iii) Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasghrádú gach bliain faoi threoir CPI).
- iv) Tá méaduithe pinsin iar-scoir nasctha le CPI.

Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go bhfuil pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí á íoc beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Agus iarratas á dhéanamh agat ar an bpost seo, tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha lacáiste, nuair is ábhartha. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapachán sa phost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus dá mbronnadh pinsean air/uirthi faoi shocrúithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Ciorclán na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013, a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, chun seirbhís roimhe sin ar thug an ceapaí chun críche aon dámhachtana aoisliúntais sa todhchaí ina bhféadfaidh an ceapaí sin bheith incháilithe.
- **Ciorclán 102/2007 Scéime Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**
Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadú ciorclach ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, scoirfidh láithreach d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Déanfar íocaíochtaí pinsin a atosú, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhir an duine mar mhúinteoir (s.é. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).
- **Scor-Drochshláinte**
Tabhair faoi deara, le do thoil, go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar chúiseanna drochshláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhu, ag an gcéad chéim iarratais, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu don eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta. Beidh ar iarratasóirí

freastal ar oifig an CMO chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas agus an riocht ina bhfuil siad cáilithe le haghaidh IHR á gcur san áireamh.

Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn leo ina n-iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- i) Má mheastar a bheith oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad do phost, scoirfidh a bpinsean drochshláinte státseirbhíse.
- ii) Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a chríochnú nó má chinneann sé/sí a phost sannta a fhágáil, ní féidir aisiompú ar stádas IHR na státseirbhíse, ná pinsean IHR na státseirbhíse a athchur, a bhí ann roimh an iarratas agus níl teidlíocht ar an gcéanna ach an oiread.
- iii) Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina gcomhalta de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é má bhí sos sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtaine aige/aici.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil [tríd an nasc seo](#) nó ar iarratas chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Fabhrú Pinsin

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i leith pinsin i gcás ina raibh duine ina chomhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (s.é. Scéim neamh-Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. **Nóta:** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a theastaíonn faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh eolas ar Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair, féach ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

Rúndacht, Discreíd agus Caighdeán Iompraíochta: Rúndacht agus Macántacht Oifigiúil:

Beidh oifigeach faoi réir Fhorálacha an [Achta um Rúin Oifigiúla, 1963](#), arna leasú leis na [hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014](#). Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdairithe le linn na tréimhse fostaíochta nó dá éis.

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse:

Beidh an ceapaí faoi réir ag [Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse](#)

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:

Beidh feidhm ag na [hAchtanna um Eitic](#) in Oifigí Poiblí, nuair is iomchuí, maidir leis an gceapachán seo.

Foilseacháin a cheadú roimh ré:

Comhaontóidh duine ceaptha gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla / lena dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ón Stiúrthóir nó ó chomhalta údaráithe cuí eile den fhoireann bhainistíochta shinsearach.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha lena rialaítear seirbhísigh phoiblí agus an pholaitíocht.

Léiríonn an méid thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gurb é an liosta cuimsitheach de gach téarma agus coinníoll fostaíochta a leagfar amach sa chonradh promhaidh a bheidh le bheith aontaithe leis an iarrthóir rathúil.

AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

Conas iarratas a Dhéanamh

Comhlánaigh agus cuir isteach d'iarratas tríd an nasc RMS a chuirtear ar fáil [anseo](#).

Ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais a chuirtear ar fáil don chomórtas seo a úsáid. Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear isteach in aon fhormáid eile.

Ní mór go n-áiríonn d'iarratas:

1. CV cuimsitheach (gan dul thar 3 leathanach – le Sonraí Oideachais agus Stair Oibre a chur san áireamh in ord croineolaíoch), le do thoil ná cuir grianghraf pearsanta ar do CV.
2. Foirm iarratais Inniúlachta - Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú ina hiomláine agus de réir na dtreoracha a chuirtear ar fáil. Ní mór d'iarrthóirí cloí leis na teorainneacha focal sonraithe, mar ní féidir iarratais a sháraíonn an t-uaslíon focal a mheas.

Measfar iarratais neamhiomlána, nó iad siúd a chuirtear isteach i bhformáid seachas an fhoirm iarratais fhorordaithe, a bheith neamh-incháilithe.

Ba chóir d'iarratasóirí an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- A. Má fhágtar ar lár aon doiciméad nó cuid den doiciméad iarrtha, atá leagtha amach thuas, beidh an t-iarratas neamhiomlán. Ní bhreithneofariarratais neamhiomlána don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin
- B. Is ar an iarratasóir atá an dualgas a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoin spriocdháta chun a n-iarratas a chur isteach mar ní ghlacfar le hiarratais tar éis an ama/dáta deiridh a thugtar thíos.
- C. Seolfar gach cumarsáid maidir leis an gcomórtas seo chuig an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil ar d'fhoirm iarratais. Tá iarrthóirí freagrach as a chinntiú go ndéantar monatóireacht rialta ar an gcuntas ríomhphoist seo.

Dáta Deiridh

Ní mór d'fhoirm iarratais agus do CV chomhlánaithe a chur isteach tríd an [RMS](#) tráth nach déanaí ná **Meán Oíche an 1 Deireadh Fómhair 2026**.

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 2 lá oibre ón iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le: Shane Breen (01-8588466) Traci Peake (01-8588446) nó Recruitment@dppireland.ie

Tá sé de dhualgas ar gach iarrthóir a chinntiú go bhfuil sé/sí ag fáil gach cumarsáid ón ODPP. Ní ghlacann an Oifig aon fhreagracht as cumarsáid nach ndéanann iarratasóir rochtain air/uirthi nó nach bhfaigheann sé/sí. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a shonraítear ar an CV agus ar an bhfoirm iarratais cruinn. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir freisin a chinntiú go ndéantar gach fillteán ábhartha a sheiceáil le haghaidh ríomhphoist a d'fhéadfadh a bheith gafa le seiceálacha turscair/ slándála.

An Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

Ionchúisitheoir Sinsearach in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (Réigiún Chorcaí)

- i)** CV agus foirm iarratais a chur isteach
- ii)** Gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas atá ina nIarratas
- iii)** Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- iv)** Cur i láthair nó cleachtaí eile
- v)** Agallamh iomaíoch deiridh
- vi)** Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith iomchuí

Féadfaidh comhaltacht na mbord roghnúcháin a bheith difriúil ag céimeanna éagsúla an Phróisis Roghnúcháin.

Ba cheart d'iarratasóirí machnamh go cúramach ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí seo a bhaineann leis an ról. Is é leas gach iarratasóra a chinntiú go dtugann a fhoirm/foirm iarratais cuntas mionsonraithe cruinn ar thaithí, inniúlachtaí, éachtaí agus cáilíochtaí.

Breithneofar an fhaisnéis a sholáthraítear san fhoirm iarratais seo le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin mar seo a leanas:

Incháilitheacht a Chinneadh

Seiceálfar iarratais chun a fháil amach ar chomhlíonadh na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí.

Forbheathnú ar Mheasúnú agus ar Scóráil

Déanfar iarrthóirí a mheasúnú ag gach céim den phróiseas roghnúcháin i gcoinne na n-inniúlachtaí agus na gceanglas atá leagtha amach sa leabhrán seo.

Cuirfear bunchaighdeáin cháilitheacha i bhfeidhm le linn an phróisis measúnaithe, ag leibhéal na hinniúlachta agus ar an iomlán araon. Ní mór d'iarrthóirí an tairseach riachtanach a bhaint amach chun dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

Scóráil de réir Céime:

Céim	Íosmhéid in aghaidh na hInniúlachta	Riachtanas Foriomlán
<i>Gearrliostú</i>	50%	350 / 600
<i>An Chéad Bhabhta Agallaimh</i>	50%	60%
<i>Agallamh sa Dara Babhta</i>	50%	60%

Chun aon amhras a sheachaint, ní úsáidfear na scóir a bhaintear amach ag céimeanna an ghearrliostaithe agus ag an gcéad babhta agallaimh ach amháin chun a chinneadh cé a rachaidh ar aghaidh go dtí an chéad

Ionchúisitheoir Sinsearach in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (Réigiún Chorcaí)

chéim eile. Cinnfear torthaí deiridh na hiomaíochta agus an t-ord feabhais ar aon phainéal a bhunaítear bunaithe ar an bhfeidhmíocht ag céim an dara babhta agallaimh amháin.

I gcás ina mbeidh cur i láthair, tascanna réamh-agallaimh, tástálacha nó cleachtaí measúnaithe eile mar chuid den phróiseas roghnúcháin, cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas roimh ré faoi na ceanglais a bhaineann leis na cleachtaí sin.

Measfar nach n-éireoidh le hiarrthóirí nach mbainfidh an scór íosta amach in aon inniúlacht, beag beann ar a scór foriomlán.

Ualú Inniúlachta:

<i>Inniúlacht</i>	<i>Uaslíon Marcanna</i>
<i>Eolas Dlí Coiriúil, Saineolas agus Féinfhorbairt</i>	<i>200</i>
<i>Scileanna Breithiúnais agus Cinnteoireachta</i>	<i>100</i>
<i>Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí</i>	<i>100</i>
<i>Ceannaireacht & Stiúradh Straitéiseach</i>	<i>100</i>
<i>Caidrimh a Fhorbairt agus Cumarsáid</i>	<i>100</i>
<i>Iomlán</i>	<i>600</i>

Bunófar an measúnú ar an bhfianaise a chuirtear ar fáil ag céim an iarratais agus, i gcás inarb infheidhme, ar fheidhmíocht an iarrthóra in agallaimh, i gcuir i láthair, i dtrialacha agus in aon chleachtaí measúnaithe eile atá mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

Gearrliostú

Ní bhreithneofar le haghaidh gearrliostaithe ach na hiarratais sin a bheidh comhlánaithe ina n-iomláine agus faighte faoin dáta deiridh. Déanfar gach iarratas incháilithe a mheasúnú i gcoinne na riachtanas, na gcritéar agus na n-inniúlachtaí atá leagtha amach sa leabhrán seo.

I gcás ina mbeidh líon na n-iarratas incháilithe níos mó ná an líon is féidir a chur ar aghaidh chun agallaimh le réasún, d'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann gach iarrthóir a ghearrliostú. I gcúinsí den sórt sin, cuirfidh Bord Gearrliostaithe na critéir fhoilsithe i bhfeidhm chun na hiarratais a laghdú go dtí líon inbhainistithe don agallamh, chun próiseas roghnúcháin cothrom, comhsheasmhach agus éifeachtach a chinntiú.

Déantar cinntí gearrliostaithe bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais. Roghnóidh an Bord Gearrliostaithe na hiarrthóirí a mbeidh na riachtanais Riachtanacha agus Inmhianaithe agus na hinniúlachtaí don ról mar atá leagtha amach sa leabhrán seo léirithe is fearr acu, ina mbreithiúnas féin. Ní le tuiscint as seo go bhfuil iarrthóirí nach n-éiríonn leo a bheith gearrliostaithe neamhoiriúnach nó éagumasach ar an ról a chomhlíonadh; ach go bhfeictear go gcomhlíonann iarrthóirí eile na riachtanais ar bhealach is gaire, nó go léiríonn siad taithí is ábhartha, bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil.

Dá bhrí sin, moltar go láidir d'iarrthóirí cuntas beacht, mionsonraithe agus cruinn ar a gcáilíochtaí agus ar a dtaithe a chur ar fáil ina n-iarratas, agus a thaispeáint go soiléir conas a chomhlíonann siad na critéir don phost.

Agallamh

Beidh Bord Agallaimh comhdhéanta de chomhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus comhalta/comhaltaí seachtracha. Féadfaidh an Bord Agallaimh iarrthóirí a cheistiú faoina gcuid eolais agus taithí a bhaineann le haon cheann de na hinniúlachtaí nó na riachtanais riachtanacha nó inmhiannaithe agus faoi aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina n-iarratas.

Déanfar agallaimh don chomórtas seo go pearsanta a mhairfidh thart ar 50 nóiméad. Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Déanfar socruithe réasúnta ag gach céim den phróiseas roghnúcháin do dhaoine faoi mhíchumas. Seol ríomhphost chuig ár bhfoireann earcaíochta trí Recruitment@dppireland.ie agus beidh ball den fhoireann sásta cabhrú leat.

Ní mór d'iarrthóirí na spriocdhátaí go léir a chomhlíonadh chun doiciméid iarrtha a chur isteach (m.sh. measúnuithe scríofa nó cur i láthair) le linn na gcéimeanna gearrliostaithe nó agallaimh. Mura ndéantar amhlaidh measfar a n-iarratas a bheith neamhiomlán agus gan dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chomórtas.

Ní mór d'iarrthóirí scór íosta 50% a bhaint amach i ngach inniúlacht ar leith. Ina theannta sin, beidh pasmharc foriomlán – nach ísle ná 70% - i bhfeidhm. Déanfaidh an Bord Agallaimh an tairseach fhoriomlán seo a chinneadh agus a fhaomhadh i gcomhréir leis an scéim mharcála comhaontaithe agus cuirfear i bhfeidhm í go comhsheasmhach ar fud na n-iarrthóirí go léir.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Imréiteach Slándála

Má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin, beidh ort foirm ríomh-ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ina raibh cónaí ort. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh imréiteach slándála suas le 12 seachtaine a ghlacadh agus i gcásanna áirithe go bhféadfadh sé go dtógfadh sé níos faide. Sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas, scriosfar an fhoirm seo agus ní choinneoidh an Oifig aon taifead.

Má tá cónaí ort i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos mó, tá sé éigeantach duit Deimhniú Imréitigh Póilíní a sholáthar ó na tíortha sin ag rá nach bhfuil aon chiontuithe taifeadta i do choinne agus tú i do chónaí ann. Teastaíonn Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leith do gach tír ina bhfuil cónaí ort. Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe tar éis an dáta a d'fhág tú an tír. Is ortsa atá an fhreagracht imréiteach slándála ar bith a lorg do dhlínsí eile (má bhaineann) go tráthúil mar go dtógfadh sé roinnt ama. Ní féidir thú a cheapadh gan an fhaisnéis seo a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag iarrthóirí gur féidir aon fhaisnéis a fhaightear sa phróiseas Imreitigh Slándála a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

Teistimeireachtaí agus Cáilíochtaí

Bheadh sé úsáideach dá dtosófa ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina réiteoirí oiriúnacha, lena n-áirítear d'fhostóir reatha agus go bhféadfaimis dul i gcomhairle (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann faisnéis réasúnta le déanaí a sholáthar ar do fheidhmíocht agus ar d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheidh in ann faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Bí cinnte le do thoil nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach go díreach roimh ceapachán a thairiscint duit, má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin.

Féadfaimid cruthúnas ar cháilíochtaí a iarraidh mar atá liostaithe sna critéir riachtanacha don ról.

Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freagrach as caiteachais ar bith a aisíoc a thabhoíd na hiarrthóirí.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn iontráil duine chuig comórtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, go bhfuil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sé/sí dícháilithe de réir an dlí ón bpost a shealbhú agus nach bhfuil ráthaíocht ann go ndéanfar breithniú breise ar d'iarratas. Mar sin, tá sé tábhachtach duit a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh duit freastal ar agallamh.

Sula gceapfar iarrthóir mar fhostaí, déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta lena n-áirítear imreiteach slándála curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thabhairt go ndéanfar cinneadh dá leithéid.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán, nó má ghlactar leis, é a scar nó má thagann folúntas breise chun cinn féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Cearta Iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Breithneoidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iarrataí ar athbhreithniú de réir fhorálacha na gCód Cleachtais arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA). Is é an CPSA an príomhrialtóir earcaíochta agus roghnóireachta i seirbhís phoiblí na hÉireann. Cinntíonn siad go mbíonn ceapacháin chuig an státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí cothrom, trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas. Tá Cód Cleachtais an CPSA ar fáil [anseo](#) agus leagann sé amach na príomhphrionsabail earcaíochta agus na príomhchaighdeán do cheapacháin. Tá tuilleadh eolais faoin CPSA agus faoina ndéanann siad ar fáil [anseo](#).

I gcás nach mbíonn iarrthóir sásta le gníomh nó cinneadh a rinne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le linn chéim roghnúcháin an chomórtais, féadfaidh siad athbhreithniú neamhfhoirmiúil/foirmiúil a lorg nó gearán neamhfhoirmiúil/foirmiúil a dhéanamh maidir leis an gcinneadh sin faoi Alt 7 agus 8 den Chód

Cleachtais. Féadfaidh iarrthóir athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh a rinneadh am ar bith agus an próiseas roghnúcháin fós ar siúl. Tá achoimre ar Alt 7 agus 8 den Chód Cleachtais mar a leanas agus tá sonraí iomlána ar fáil sa nasc thuas: -

- Agus iarratas á chur isteach ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil (faoi Alt 7) nó ag déanamh gearán neamhfhoirmiúil (faoi alt 8) ní mór don iarrthóir aghaidh a thabhairt ar a n-íomní maidir leis an bpróiseas i scríbhinn, ag cur síos soiléir ar na cúiseanna a gcreideann siad go raibh an próiseas roghnúcháin éagórach i a gcás. Ní mór é seo a sheoladh trí ríomhphost recruitment@dppireland.ie chuig an gCeann Earcaíochta, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh roghnúcháin. Scrúdóidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an t-athbhreithniú/gearán neamhfhoirmiúil a luaithe agus is féidir agus cuirfidh sé an toradh in iúl don iarrthóir laistigh de 5 lá oibre ón athbhreithniú/gearán a fháil. Is gnách go gcríochnóidh ball den Fhoireann AD-OD nach raibh baint dhíreach aige leis an bpróiseas cinnteoireachta an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil.
- Má tá iarrthóir fós míshásta tar éis an phróisis athbhreithnithe/gearáin neamhfhoirmiúil, féadfaidh sé dul ar aghaidh tríd an bpróiseas foirmiúil trí athbhreithniú foirmiúil (faoi alt 7) nó gearán foirmiúil (faoi alt 8). Féadfaidh iarrthóir athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh a rinneadh am ar bith agus an próiseas roghnúcháin fós ar siúl. Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ó fhógra an chinnidh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh na céime athbhreithnithe neamhfhoirmiúla, má bhaintear leas as. Ní mór é seo a sheoladh trí ríomhphost recruitment@dppireland.ie chuig an gCeann Earcaíochta, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí scrúdú níos críochnúla ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad agus rachaidh sí i gcomhairle leis na páirtithe uile sula ndéanfar cinneadh. Ní mór fógra a thabhairt don iarrthóir faoi thoradh an athbhreithnithe foirmiúil laistigh de 25 lá ón iarraidh a bheith faighte ag an sealbhóir oifige. Déanfaidh duine atá neamhspleách ar an bpróiseas roghnúireachta agus lasmuigh den Fhoireann AD-OD de ghnáth an t-athbhreithniú foirmiúil. I gcásanna áirithe, maidir le gearáin foirmiúla is duine aonair lasmuigh den Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bheidh san athbhreithneoir.

Mura bhfuil iarrthóir sásta le cinneadh an Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir leis an ngearán foirmiúil ceadaítear achomharc chuig an CPSA faoi Alt 8 den Chód Cleachtais. Sa chás go gcreideann iarrthóir go sáraítear gné den phróiseas cód cleachtais an CPSA, féadfaidh an CPSA fiosrú a dhéanamh air faoi Alt 8 den chód. Ní mór achomharc a dhéanamh chuig an CPSA laistigh de 10 lá oibre ón tráth a fhaigheann an t-iarrthóir fógra faoi chinneadh an ODPP faoin ngearán foirmiúil. Tá tuilleadh sonraí maidir le hachomharc a dhéanamh ar fáil sa Chuid seo [8.3 den Chód Cleachtais](#).

Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéantar canbhásáil agus go n-eisiafar iad ón bpróiseas dá bharr.

Ní ceadmhach d'iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama
- aon duine a chanbhásáil trí mhealltaí a thabhairt nó gan mealltaí a thabhairt
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas. Beidh gach duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Dlitear fíneáil/nó príosúnacht a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, sa chás go raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- i gcás nach bhfuil siad ceaptha do phost, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- i gcás ina mbeidh siad ceaptha ina dhiaidh sin chuig an bpróiseas earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

Iarrthóireacht a mheas le bheith tarraingthe siar

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallaimh nó ar thástálacha eile ag am agus ag ait arna n-iarraidh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó nach gcuireann a leithéid d'fhianaise ar fáil, nuair a iarrtar orthu sin a dhéanamh, agus a theastaíonn ón Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le hábhar ar bith atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh eile ar bhreithniú acu.

Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ar iarratas scríofa.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead i d'ainm, agus beidh an chuid is mó de do fhaisnéis phearsanta ar an taifead sin. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil. Tá faisnéis dá leithéid faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, cuir d'iarratas i scríbhinn chuig: **An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7**, ag cinntiú go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid a lorgaíonn tú le cur ar ár gcumas an taifead ábhartha a aithint.

Aguisín 1: CÁILITHEACTH CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACTH

Riachtanais maidir le Saoránacht

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

- (a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- (b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- (c) Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- (d) Saoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4² nó víosa stampa 5 acu.

Chun a cháiliú ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoin dáta ar a dtairgtear post ar bith.

Comhaontú Comhchoiteann Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Tugadh isteach litir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Pearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuair sa tSeirbhís Phoiblí ag comhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith (de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011) le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm).

An Scéim Luathscor Dhreasaithe:

Is coinníoll é den Scéim Luathscor Dhreasaithe mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine ar scor cáilithe, faoin Scéim sin, iarratas a chur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine ar scor mar sin iarratas a chur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh Scéim Sprice um Luathscor Deonach agus Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach isteach. Is coinníoll de chuid Scéim Sprice um Luathscor Deonach é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe le haghaidh athfhostaíochta san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i gcomhlacht a mhaoinear go hiomlán nó go formhór ó airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostaíocht faoin Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach, ach amháin go bhfuil an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Ní bheidh daoine a bhain leas as an scéim VER incháilithe chun dul in iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an Scéim Sprice um Luathscor Deonach agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm).

² Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil víosa 50 TEU, atá in ionad Stamp 4EUFAM tar éis Brexit inghlactha mar choibhéis Stampa 4.

An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Imlitir LG(P) 06/2013)

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil tugadh Scéim um Iomarcaíocht Dheonach isteach le haghaidh Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dár dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sainsiúil é den Scéim VER nach mbeidh daoine cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuair i gcomhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith [de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh thréimhse 2 bhliain tar éis dháta a n-imeachta faoin Scéim sin. Tá na coinníollacha sin infheidhme freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

Dearbhú:

Éileofar ar iarratasóirí chun a dhearbhú cé acu ar bhain nó nár bhain leas as scéim na Seirbhíse Poiblí de luathscor dreasaithe. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíocht ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (in íocaíocht nó i gcaomhnú) a dhearbhú ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó i gcás ina bhfuair siad íocaíocht-i-lieu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

Aguisín 2: Inniúlachtaí

Beidh an t-eolas, an taithí, an scil, an tuiscint chuí nó an inniúlacht ábhartha ar an iarrthóir rathúil cionn is go léiríonn siad go soiléir oiriúnacht s'acu chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mar Ionchúisitheoir Sinsearach le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Eolas Dlí Coiriúil, Saineolas agus Féinfhorbairt

- Eolas iontach ar chúrsaí dlí agus ar an gcleachtas agus ar an gcóras dlí;
- Tá sé/sí réamhghníomhach maidir le coinneáil cothrom le dáta maidir le saincheisteanna dlíthiúla agus forbairtí tábhachtacha, lena n-áirítear beartais ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le ceartas coiriúil a théann i bhfeidhm ar an ról nó a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an ról;
- Coinnítear fócas láidir ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis;
- Roinneann sé/sí eolas agus cuireann sé/sí le forbairtaineolas dhlíthiúil agus sonraí dlíthiúla/cumas digiteach;
- Oilteacht ar chás a bhainistiú, sreabhadh cásanna a bhainistiú trí chóras bainistithe cásanna.

Ceannaireacht

- Cuidíonn sé/sí go gníomhach le forbairt straitéisí agus bheartais na heagraíochta;
- Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla, an caighdeán don fhoireann a shocrú chun feidhmíocht a uasmhéadú;
- Forbraíonn sé/sí cumas daoine eile trí mheantóireacht, aiseolas, oiliúint agus cuidiú le cultúr foghlama & forbartha a chruthú;
- Aithníonn sé/sí forbairtí san earnáil dlí/timpeallacht níos leithne agus molann sé/sí réitigh nuálacha ar bhainistíocht go réamhghníomhach.

Scileanna Breithiúnais, Anailíse agus Cinnteoireachta

- Inniúlacht acu san anailís dlí, sásta an chríonnacht bunaithe a cheistiú agus cur chuige oscailte a chothú;
- Faigh suas chun dáta i gcúrsaí coimpléascacha, agus in ann gach faisnéis/sonraí cuí a thógáil isteach (idir scríbhinn agus ó bhéal);
- Snáitheanna éagsúla faisnéise a chur le chéile, agus idirchaidrimh agus naisc a aithint;
- Cinntí soiléire, tráthúla agus dea-bhunaithe a dhéanamh maidir le saincheisteanna tábhachtacha;
- Measann sé/sí impleachtaí níos leithne na gcinntí ar raon páirtithe leasmhara.

Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

- Freagracht a ghlacadh as cúraimí dúshlánacha agus cuspóirí/ spriocanna comhaontaithe a bhaint amach ar ardchaighdeán;
- Paraiméadair ama do chásanna/ comhaid/ tionscadail a mheas agus in ann a am/ nó a ham a bhainistiú go héifeachtach, in ann constaicí a aithint agus pleananna teagmhais a dhéanamh orthu;
- Fócas láidir a chothabháil dírithe ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara a shárú gach uair;
- Breathnaíonn sé/sí go criticiúil ar shaincheisteanna le fáil amach conas is féidir rudaí a dhéanamh níos fearr agus seo a chur ar aghaidh go dtí an bhainistíocht de réir mar is cuí;

- Bainistítear agus cuirtear cásanna/ comhad iolracha/ gníomhaíochtaí tionscadail agus oibre chun cinn go rathúil;

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

- Faisnéis a chur in iúl ar bhealach muiníneach, loighciúil agus áititheach, ó bhéal agus i scríbhinn;
- Spreagann sé/sí comhráite oscailte agus fiúntacha maidir le cúrsaí oibre;
- In ann tionchar dearfach éifeachtach a dhéanamh ar dhaoine eile agus iad a stiúradh i dtreo gníomhartha dearfacha;
- Cuireann sé/sí béim láidir ar fhreastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha;
- In ann obair i dtreo comhthuiscint a bhunú chun obair comhoibritheach a chur ar bonn.

Spreagadh agus Tiomantas

- Duine atá féinspreagtha agus a léiríonn mian chun feidhmiú go leanúnach ar ardleibhéal;
- Duine atá ionraic agus iontaofa go pearsanta agus is féidir brath orthu;
- Seirbhísí cothroma, neamhspleácha, gairmiúla a sheachadadh de réir na caighdeáin is airde;
- Trí cheannaireacht le dea-shampla, cothaítear na caighdeáin is airde eitice agus sláine.